| Ríomheolaíocht | **Meitheal Forbartha, Cruinniú 5, 13 Eanáir 2025**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin. Rinne baill na Meithle Forbartha plé ar na hathruithe molta agus ar ainmniú na 3 Thasc Foghlama Feidhmí (TFF). |
| **Plé maidir le Snáithe 3 agus TFF 2.5** | Plé ar an gceist ar choinnigh an t-athrú ar TFF 2.5 (Léargas a Fháil ó Shonraí) iontaofacht agus leanúnachas. Rinne an Mheitheal Forbartha plé ar na naisc ar fud na 3 TFF agus an chaoi a bhféadfadh grafaic le híomhánna cabhrú. Cuireadh fáilte roimh na mionathruithe ar TFF1 agus roinnt machnaimh ar eitic agus soiléireacht sna snáitheanna. |
| **Comhleanúnachas agus inbhainistitheacht ar fud na gcodanna** | Mionleasuithe chun an tsonraíocht a dhéanamh níos soléite agus le leanúnachas a neartú. Glacadh leis go ginearálta go raibh an comhleanúnachas idir na codanna éagsúla agus na snáitheanna foghlama láidir ach go bhféadfadh féachaint ar réimsí áirithe arís cosúil le heitic, IS agus an bhaint atá ag forbairt Príomhinniúlachtaí le roghanna TFFanna.<br>Foghrúpa le díriú ar an inbhainistitheacht agus comhleanúnachas atá ag baint le heiseamláiriú an phríomhchoincheapa don chéad chruinniú eile. |
| **Leanúnachas agus Dul Chun Cinn** | Cinneadh chun tuiscint chúng ar an ábhar a sheachaint, a chuireann le míthuiscintí, ar nós go mbaineann an t-ábhar le scoláirí atá go maith ag an Matamaitic agus teicneolaíocht. Béim le leagan ar an gcontanam ó Phríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí go Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí, agus ar na bealaí ar féidir leis an Ríomheolaíocht cur leis an gcuid seo ar bhealach ar leith chomh maith. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach sa chruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ar na dréachtábhair don chéad chruinniú eile. Is í an chéad chéim eile ná plé a dhéanamh ar mheasúnú.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** 13 Feabhra 2025 |